Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
GNÍOMHAIRE Cineál 1
Rangú Sonraí R

Foirm iarratais ar **Ghníomhaire de Chineál 1 a Ainmniú le haghaidh bailiú íocaíochta** (seachas FSS)

Cad is Gníomhaire Cineál 1 ann?

Más rud é, ar chúis ar bith, nach bhfuil tú in ann d'íocaíocht a bhailiú ag Oifig an Phoist go ceann i bhfad, is féidir leat duine a ainmniú chun d'íocaíocht a bhailiú duit. Tugtar Gníomhaire Cineál 1 ar an duine seo. Ní mór don duine a ainmníonn tú an íocaíocht iomlán a thabhairt duit gan aon asbhaintí.

Conas is féidir liom duine a ainmniú chun m'íocaíocht a bhailiú ag Oifig an Phoist?

Chun duine a ainmniú chun d'íocaíocht a bhailiú ag Oifig an Phoist, ní mór duit an fhoirm seo a líonadh agus í a chur sa phost chuig an seoladh ábhartha atá liostaithe ar an leathanach deireanach den fhoirm seo.

Nuair a gheobhaidh an Roinn an fhoirm seo, seolfaimid litir chugat féin agus chuig do Ghníomhaire ainmnithe ag deimhniú ceapachán na gníomhaireachta agus déanfaimid socruithe le hOifig an Phoist. Ansin, ligfidh oifig an phoist do do ghníomhaire d'íocaíocht a bhailiú ar do shon.

Cé is féidir liom a ainmniú chun m'íocaíocht a bhailiú?

Féadfaidh tú aon duine iontaofa a ainmniú chun d'íocaíocht a bhailiú. Ní mór don duine a bheith os cionn 18 mbliana d'aois.

Cad a tharlóidh má athraím m'intinn?

Féadfaidh tú an socrú gníomhaireachta a chur ar ceal ag am ar bith trí theagmháil a dhéanamh leis an Roinn má bhraitheann tú nach bhfuil sé ag obair go sásúil. Ní gá duit toiliú an Ghníomhaire chun an socrú a chur ar ceal. Más mian leat, is féidir leat Gníomhaire eile a cheapadh. Féadfaidh an Roinn socrú gníomhaireachta a chur ar ceal ag am ar bith má tá cúis aici a chreidiúint nach bhfuil an socrú ag obair go sásúil.

Cad iad na hoibleagáidí atá ar Ghníomhaire Cineál 1?

Ní mór don Ghníomhaire Cineál 1:

- méid iomlán na híocaíochta a íoc leis an gcustaiméir, gan asbhaint de chineál ar bith.
- fógra a thabhairt don Roinn gan mhoill faoi aon athruithe i gcúinsí an chustaiméara, lena n-áirítear meath ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gcúrsaí airgeadais.

Daoine nach féidir a cheapadh mar Ghníomhaire:

- **Ní** cheapfaidh an tAire duine faoin alt seo chun gníomhú thar ceann an chustaiméara má tá an duine sin faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Má bhraitheann tú go bhfuil brú gan ghá á chur ort an fhoirm seo a chomhlánú in aghaidh do thola, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí láithreach.

Conas an fhoirm seo a chomhlánú

Chun cabhrú linn d'iarratas a phróiseáil, scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir agus bain úsáid as bosca amháin le haghaidh gach ceann acu. Féach ar na samplaí seo thíos.

Cuid 1 — Do shonraí

1. Uimhir PSP: 1 2 3 4 5 6 7 T

2. Sloinne: Ó MURCHÚ

3. Céadainmneacha: MÁIRE

4. Dáta breithe: 10 05 1955
L L M M B B B B

5. Seoladh: 1 SRÁID LIAM
NA CORRÁ
CILL AIRNE
Contae CIARRAÍ Éirchód A65F4E2

6. Uimhir ghutháin: 0881234567

7. Seoladh ríomhphoist: MMURCHU@WELFARE.IE

8. Ainm na híocaíochta coimirce sóisialta nó an phinsin atá á íoc: PINSEAN STÁIT

SAMPLA

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Foirm iarratais ar Ghníomhaire de Chineál 1 a Ainmniú le haghaidh bailiú íocaíochta (seachas FSS)

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
GNÍOMHAIRE Cineál 1
Rangú Sonraí R

Cuid 1 Do shonraí

1. Uimhir PSP:

2. Sloinne:

3. Céadainmneacha:

4. Dáta breithe:

L L M M B B B B

5. Seoladh:

Contae

Éirchód

6. Uimhir ghutháin:

7. Seoladh ríomhphoist:

8. Ainm na híocaíochta coimirce sóisialta nó an phinsin atá á íoc:

9. Gaol an ghníomhaire leis an gcustaiméir:

10. Luaigh an fáth a bhfuil Gníomhaire ag teastáil:

Cuid 2 Dearbhú an chustaiméara

Má bhraitheann tú go bhfuil brú gan ghá á chur ort an fhoirm seo a chomhlánú in aghaidh do thola, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí láithreach.

Is mian liom _____ a ainmniúa bhfuil a s(h)onraí curtha ar fáil i gCuid 3 mar Ghníomhaire, chun m'íocaíocht a bhailiú ag m'Oifig Phoist ainmnithe.

- Tuigim go gcaithfidh an duine atá á ainmniú agam an íocaíocht iomlán a thabhairt dom gan aon asbhaintí.
- Tuigim go gcaithfidh mé teagmháil a dhéanamh leis an Roinn i scríbhinn chun m'ainmniúchán a tharraingt siar mura bhfuil an socrú ag obair amach.
- Dearbhaím nár údaraigh mé d'aon duine eile faoi aon socrú eile m'íocaíocht a bhailiú ar mo shon.
- Dearbhaím go bhfuil an t-eolas go léir atá tugtha agam ar an bhfoirm seo fíor agus iomlán.
- Inseoidh mé don Roinn nuair a thagann athrú ar m'acmhainn nó ar mo chúinsí.
- Dearbhaím go ndéanaim an t-ainmniúchán seo go toilteanach.

Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, féadfar thú a ionchúiseamh as a dtiocfaidh fíneáil, téarma príosúin, nó an dá rud.

	Dáta:								
					2	0			
	L	L	M	M	B	B	B	B	

Síniú nó marc an chustaiméara, **ní** i gceannlitreacha.

Mura féidir leat d'ainm a shíniú ba chóir duit marc a dhéanamh, amhail **X**, agus bíodh finné agat chun a (h)ainm a shíniú sa bhosca thíos.

	Dáta:								
					2	0			
	L	L	M	M	B	B	B	B	

Síniú an fhinné, **ní** i gceannlitreacha.

Tabhair faoi deara: Ní féidir gurbh é/í an finné an duine atá á c(h)eapadh mar Ghníomhaire.

Ní mór do chleachtóir leighis cláraithe, Garda, Coimisinéir Mionnaí, ball den chléir nó ministir d'aon sainchreideamh creidimh, dlíodóir, ionadaí poiblí tofa, cuntasóir, fiaclóir, cógaiseoir nó gairmí cúram sláinte amhail oibrí sóisialta a bheith ina f(h)inné ar shíniú, ar mharc, nó ar thoil agus ar rogha shainráite an chustaiméara.

Ainm an fhinné ina iomláine:

Gairm bheatha an fhinné:

Uimhir ghutháin an fhinné:

Cuid 3 Sonraí agus dearbhú an ghníomhaire

11. Uimhir PSP:

12. Sloinne:

13. Céadainmneacha:

14. Dáta breithe:

L L M M B B B B

15. Seoladh:

Contae Éirchód

16. Uimhir ghutháin:

17. Seoladh ríomhphoist:

Dearbhú

Níl mé ar an eolas gur Coimircí Cúirte an duine a ainmnítear i **gCuid 1** ná gur ceapadh aon duine eile faoi Chumhacht Sheasmach Aturnae nó Socrú Tacaíochta Cinntí chun gníomhú thar a gceann maidir le cúrsaí leasa shóisialaigh.

Tuigim agus glacaim le mo chuid oibleagáidí mar Ghníomhaire Cineál 1 mar atá leagtha amach ar **chlúdach an fhoirm seo**, tuigim gur féidir leis an gcustaiméir, nó leis an roinn má tá cúis aici a chreidiúint nach bhfuil an socrú ag obair go sásúil, an socrú seo a chur ar ceal am ar bith.

Má cheadaítear m'ainmniúchán, aontaím mo chuid oibleagáidí mar Ghníomhaire Cineál 1 a chomhlíonadh don duine a ainmnítear i **gCuid 1**.

Dearbhaím leis seo go bhfuil mé os cionn 18 mbliana d'aois agus go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san iarratas seo fíor agus iomlán.

Geallaim go gcuirfidh mé an Roinn ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon athrú ar chúinsí, lena n-áirítear meath ar chumas an chustaiméara a bhfuil mé ag gníomhú ar a s(h)on cinntí a dhéanamh maidir lena gcúrsaí airgeadais.

Rabhadh: Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, féadfar thú a ionchúiseamh as a dtiocfaidh fíneáil, téarma príosúin, nó an dá rud.

Dáta: 2 0

L L M M B B B B

Síniú an Ghníomhaire, **ní** i gceannlitreacha.

Cuid 4 Sonraí íocaíochta

Oifig an Phoist

Ainm na hoifige poist:

Seoladh:

Contae

Éirchód

Cuid 5 Cá háit gur chóir duit d'iarratas a sheoladh

Braitheann an áit a sheolann tú d'iarratas ar an gcineál íocaíochta coimirce sóisialaí a fhaigheann tú. Féach sa cholún ar chlé thíos chun d'íocaíocht coimirce sóisialaí a aimsiú agus sa cholún ar dheis chun an áit gur chóir duit an t-iarratas a sheoladh a fháil amach.

Cineál íocaíochta	**Cá seolfaidh mé m'iarratas**
Liúntas Banchéile Thréigthe Sochar Banchéile Thréigthe Pinsean Stáit (Ranníocach) Pinsean Stáit (Neamhranníocach) Pinsean (Ranníocach) Páirtnéara faoi Mhéala Pinsean (Neamhranníocach) Páirtnéara faoi Mhéala	An Roinn Coimirce Sóisialaí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar an Choláiste Sligeach F91 T384 **Teileafón:** 0818 200 400 nó +353 71 915 7100 ó Thuaisceart Éireann nó thar lear.
Pinsean na nDall Liúntas Cúramóra Sochar Báis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde Liúntas Míchumais Pinsean Easláine	An Roinn Coimirce Sóisialaí Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar Bhéal Átha na Lao An Longfort N39 E4E0 **Fón:** 0818 927 770 nó +353 43 334 0000 ó Thuaisceart Éireann nó thar lear.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/appointagent**

Ráiteas um Chosaint Sonraí

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí córas cosanta sóisialta na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais eile i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí. Is féidir teacht ar ár mbeartas um chosaint sonraí ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin a bheartaítear mínithe agus na téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.